Bileog Eolais - Liosta focal inscne

Níl sa liosta seo ach cuid de na bealaí a ndéantar cur síos ar inscne, féiniúlacht inscne agus léiriú inscne.

Inscne	Tagraíonn inscne do shaintréithe a luann sochaí le fear agus le bean.
Féiniúlacht Inscne	Is éard atá i gceist le Féiniúlacht Inscne eispéireas inmheánach agus aonair duine ar inscne. Meaitseálann féiniúlacht inscne formhór na ndaoine an gnéas a luaitear lena n-inscne tráth a mbreithe (i.e. sainaithnítear daoine le baill ghiniúna bhaineanna mar chailíní/mná agus sainaithnítear daoine le baill ghiniúna fhireanna mar bhuachaillí/fir). Ní hionann féiniúlacht inscne daoine áirithe agus an gnéas a luaitear lena n-inscne tráth a mbreithe. D'fhéadfadh na daoine seo daoine trasinscneacha nó neamh-dhénártha a thabhairt orthu féin.
Léiriú inscne	An tslí a léiríonn duine a (h)inscne don domhan mór, e.g. ainm, éadaí, stíl, gluaiseachtaí agus gothaí, urlabhra agus cumarsáid, róil agus iompar ginearálta.
Trasinscneach nó trasinscne	Duine nach ionann a f(h)éiniúlacht inscne agus an gnéas a luaitear lena n-inscne tráth a b(h)reithe.
Cisinscneach	Duine a mheaitseálann a f(h)éiniúlacht inscne agus an gnéas a luaitear lena (h)inscne tráth a b(h)reithe.
Neamh-dhénárthacht inscne	Duine nach mbaineann a (h)inscne le ceachtar den dá chatagóir seo a leanas - buachaill/fear nó cailín/bean.